Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10428/22**

**AGRI 275**
**AGRIFIN 58**
**AGRIORG 62**
**AGRISTR 42**
**DELACT 99**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3928 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 16.6.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh idirghabhálacha agus bearta tacaíochta áirithe dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3928 final.

Faoi iamh: C(2022) 3928 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2022
C(2022) 3928 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh idirghabhálacha agus bearta tacaíochta áirithe dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air[1], déantar foráil maidir leis an deis a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe beart tacaíochta áirithe CBT. Le hAirteagal 44, mír (4) de Rialachán (AE) 2021/2116, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an tAirteagal sin trí rialacha a chur leis lena gceadófar do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis na hidirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115[2] agus le bearta áirithe lena rialaítear nó lena dtugtar tacaíocht do mhargaí talmhaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013[3], chun a áirithiú go n-íocfar na réamhíocaíochtaí sin ar bhonn comhleanúnach neamh-idirdhealaitheach.

D'fhonn an tsolúbthacht a áirithiú i dtéarmaí bainistíochta airgeadais agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115 trí shreabhadh airgid a sholáthar do na tairbhithe, tá sé tábhachtach deis a thabhairt do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh leis na tairbhithe. Bhí sin indéanta cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le heagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme, eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird a chuireann cláir náisiúnta tacaíochta chun feidhme agus tairbhithe fíona a chuireann bearta chun feidhme laistigh de chláir náisiúnta tacaíochta fíona.

Ba cheart leanúint de réamhíocaíochtaí den sórt sin a úsáid sna hearnálacha sin faoin Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha (AE) 2021/2115. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na rialacha a chomhchuibhiú agus a leathnú chun na hearnálacha uile dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115 a chumhdach, rud a chiallaíonn gur cheart an bheachaireacht, leannlusanna agus na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (a) go (h), (k), (m), (o) go (t) agus (w) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus na hearnálacha lena gcumhdaítear táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, gur cheart iad a chumhdach leis an deis atá ann réamhíocaíochtaí a dhéanamh.

Leis an scéim cabhrach um thorthaí agus glasraí agus bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ní cheadaítear do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh faoi láthair. I bhfianaise na taithí a fuarthas, agus d'fhonn an

---

1 IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

2 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

4 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

tsolúbthacht a áirithiú i dtéarmaí bainistíochta airgeadais agus chun deacrachtaí sreafa airgid le haghaidh iarratasóirí ar chabhair a chosc, is iomchuí go bhféadfaidh na Ballstáit ranníocaíochtaí a dhéanamh faoi réir coinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun Airteagal 44(5) de Rialachán (AE) 2021/2116. I bhfianaise go mbunaítear riarachán agus cur chun feidhme na scéime cabhrach sin ar scoilbhlianta, dar tús an 1 Lúnasa gach bliana féilire, ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras réamhíocaíochtaí ón scoilbhliain 2023/2024 (1 Lúnasa 2023) ar aghaidh.

I bhfianaise na cumhachta a thugtar d'Airteagal 44(4) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú d'fhonn a áireamh ann go mbeadh an deis ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dheonú a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115, leis an scéim cabhrach a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus leis na bearta eisceachtúla lena dtacaítear le margaí talmhaíochta agus d'fhonn na bearta is gá a dhéanamh chun fadhbanna sonracha a réiteach i gcás éigeandála, arna nglacadh faoi Airteagail 219, 220 agus 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin, ina raibh saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát, laistigh den Sainghrúpa um Margaí Talmhaíochta arna bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, go háirithe le linn an chruinnithe an 15 Feabhra 2022. Leis an gcruinniú sin, bhíothas in ann smaointí an Choimisiúin a chur i láthair maidir le raon feidhme an ghnímh tharmligthe agus na modhnuithe is gá ar Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116 ón gCoimisiún, chomh maith le tuairimí a mhalartú leis na saineolaithe. Ansin rinneadh an gníomh tarmligthe a bheachtú agus barúlacha agus tráchtanna na saineolaithe á gcur san áireamh. Ar deireadh, foilsíodh an gníomh tarmligthe idir an 25 Aibreán agus an 23 Bealtaine 2022 le haghaidh comhairliúchán poiblí ar shuíomh gréasáin Europa. Ní bhfuarthas ach aighneacht amháin, ina raibh tráchtanna nach mbaineann leis an ngníomh seo, ach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127. Lena chois sin, ní chumhdaítear íocaíochtaí páirteacha leis an ngníomh tarmligthe seo. Níl aon rud le cosc a chur ar na Ballstáit íocaíochtaí páirteacha a dheonú do thairbhithe earnála i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann leis an deis a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dheonú a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115, leis an scéim cabhrach i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus leis na bearta eisceachtúla lena dtacaítear le margaí talmhaíochta arna nglacadh faoi Airteagail 219, 220 agus 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhíocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh idirghabhálacha agus bearta tacaíochta áirithe dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013[5], agus go háirithe Airteagal 44(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116, déantar foráil maidir leis an deis a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe idirghabhálacha áirithe agus beart tacaíochta eile. Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], déantar foráil maidir leis an deis sin cheana ach ní bhaineann sí ach le hidirghabhálacha in earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, an fhíona, na hola olóige agus na n-ológ boird.

(2) Chun íocaíocht chomhleanúnach neamh-idirdhealaitheach réamhíocaíochtaí a áirithiú, ba cheart an deis chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh a leathnú chun na hidirghabhálacha uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chumhdach[7].

(3) Ar an gcúis chéanna, ba cheart an deis a bhíonn ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh a leathnú chun an scéim cabhrach um thorthaí agus glasraí agus bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chumhdach. Ba cheart íocaíocht na réamhíocaíochtaí sin a bheith faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun Airteagal 44(5) de Rialachán (AE) 2021/2116. I bhfianaise go mbunaítear riarachán agus cur chun feidhme na scéime cabhrach sin ar na scoilbhlianta, mar a shainítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

---

[5] IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

[7] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

2017/39 ón gCoimisiún[8], ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras réamhíocaíochtaí maidir leis an scoilbhliain 2023/2024 agus na scoilbhlianta ina dhiaidh sin.

(4) Is é is aidhm do na bearta eisceachtúla lena dtacaítear le margaí talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagail 219 go 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 fadhbanna nó suaite sonracha margaidh a réiteach. D'fhéadfadh tacaíocht airgeadais urghnách shealadach ón Aontas le haghaidh na n-earnálacha atá buailte a bheith i gceist leis na bearta eisceachtúla sin. Leis na rialacha atá ann faoi láthair, ní cheadaítear do na Ballstáit réamhíocaíochtaí de thacaíocht den sórt sin a dhéanamh. Is léir ón taithí a fuarthas, áfach, nach mór do bhearta eisceachtúla tacaíochta don mhargadh teacht i bhfeidhm láithreach chun meathlú doleigheasta ar an margadh a sheachaint. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheadú do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe na mbeart eisceachtúil tacaíochta sin don mhargadh, faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun Airteagal 44(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2021/2116, cuirtear na míreanna 3a, 3b agus 3c seo a leanas isteach:

'3a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe na n-idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun mhír 5.

3b. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí a dhéanamh faoin scéim cabhrach a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 1, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i leith cabhair le haghaidh na scoilbhliana 2023/2024 agus na scoilbhlianta ina dhiaidh sin, faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun mhír 5.

3c. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe na mbeart lena dtacaítear le margaí talmhaíochta arna nglacadh faoi Airteagail 219, 220 agus 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos de bhun mhír 5.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 maidir le rialacha i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*